# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

17 Nollaig 2020

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

### ÓN SPIDÉAL GO STRASBOURG


Cuirfear spéis i bhfad is i ngearr sa leabhar nua-fhoilsithe ó pheann Sheán Uí Neachtain as Baile an Domhnalláin. D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht *Ón Spidéal go Strasbourg: Cuimhní Cinn* i dtús na seachtaine seo. Míníonn an teideal ábhar an leabhair, léargas ar shaol polaitiúil Sheáin, fear a bhí ina ionadaí poiblí thar deich mbliana fichead ar leibhéil áitiúil, contae, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Pléann sé toghcháin an Chomhairle Contae, Údaráis na Gaeltachta, olltoghchán, toghchán Pharlaimint na hEorpa agus neart eile. Is féidir an leabhar a fháil ar líne ag www.cic.ie nó i siopa Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal.




### CAMCHUAIRT NA NOLLAG!

Tugadh ardú meanman do phobal aosach Chonamara le gairid nuair a chuaigh **Féile Traidphicnic**, an **Cogar Céilí Band** agus **Lally Tours** ar chamchuairt go hÁras Chois Fharraige sa Spidéal, chuig Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua agus chuig Teach Altranais Charna. Idir amhránaíocht, ceol agus damhsa bhí an-lá go deo ag chuile dhuine le spraoi agus spiorad na Nollag ag teacht in áit shrianta na paindéime ar feadh tamaill. Maith sibh!





### 5KM DO CHROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE

Cé nach bhfuil **Croílíne Chois Fharraige** in ann an rith/siúlóid 5KM bliantúil a riaradh ar an ngnáth bhealach i mbliana, mar sin féin is féidir páirt a ghlacadh sa rith/siúlóid ar bhealach fíorúil! Is imeacht thar a bheith tábhachtach é seo le hairgead a bhailiú le go mbeidh na dífhibrileoirí atá lonnaithe ó na Forbacha go Ros a' Mhíl á n-uasdátú agus á gcaomhnú. Trí cinn déag acu atá ann, acmhainní atá thar a bheith tábhachtach do phobal Chois Fharraige. Le bheith páirteach ann, ní mór duit lá idir Lá Nollag agus Lá Chinn Bhliana a roghnú, do "bholgán" a thabhairt le chéile agus rith nó siúlóid 5KM a dhéanamh! Moltar go láidir culaith bhréige na Nollag a chaitheamh!Is féidir síntiús a dhéanamh ar líne www.croiline.com (moltar €10 an duine nó €20 don theaghlach). Beidh aclaíocht uainn tar éis na Nollag mar sin seo libh agus bainigí sult as!

Croílíne
CHOIS FHARRAIGE

### SEACHTAIN FEASACHTA LGBTQ+

Rinne daltaí ag Coláiste Cholmcille ceiliúradh ar Sheachtain Feasachta LGBTQ+ le gairid. Eagraíodh imeacht 'Ceangal & Dathú' tráth a bhfuair na daltaí deis ball éadaigh a mhaisiú le dathanna agus dearthaí éagsúla! Caitheadh na héadaí ar lá áirid mar shiombail cheiliúrtha agus chuaigh na daltaí ar shiúlóidí scoile. Eagraítear an tseachtain seo le haird a tharraingt ar cheisteanna a bhaineann le meas, comhbhá, cothromaíocht agus uileghabhálacht sa bpobal. Pictiúir le feiceáil ar FB: Coláiste Cholmcille

### GIRSEACHA NA GAILLIMHE

Go n-éirí go geal le **Girseacha na Gaillimhe** - Síofra, Clíona agus Katie as Bliana a Trí i gColáiste Cholmcille atá ag glacadh páirte i gcomórtas Scléip Ghael Linn. Bhí na cailíní feistithe agus réitithe i rith na seachtaine le físeáin a thaifeadadh don réamh-bhabhta. Guíonn muid chuile rath orthu sa gcomórtas lena n-amhrán Bláithín.



### NOLLAIG SHONA!

Agus an Nollaig ag druidim linn, ba mhaith le na hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige ár mbuíochas a ghabháil le muintir Chois Fharraige as ucht an tacaíocht atá faighte againn i rith na bliana! Guíonn muid Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir! Tá muid ag súil go mór le filleadh ar an oifig san Athbhliain agus leanacht leis an gcomhoibriú agus teagmháil rialta leis an bpobal!

## SEISIÚN CEOIL NA NOLLAG!

Tá ag éirí go hiontach le **Seisiún Ceoil na Nollag** ar mheáin shóisialta an Fhóraim! Tá muid ag baint an-taitneamh as an gceol atá á chur ar fáil ag muintir Chois Fharraige! Go dtí seo, bhí ceol binn againn ó Chaitlín Ní Chualáin agus a clann, Aodhán agus Siobhán Maoileoin, Frankie Mac Aodha, Caroline Ní Chonaire agus Micheál Darba Ó Fátharta lena bheirt iníonacha, Déithín agus Damhnait. Tá neart le teacht fós ó Shíle Denvir, Gearóid Ó Murchú, Gráinne Ní Fhátharta agus Ceoltóirí Óga ChoisFharraige! FB: Pleanáil Teanga Chois Fharraige

## CARÚIL NA NOLLAG!

Tá Carúil na Nollag, á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar an Aoine 18 Nollaig ar an gcóras Zoom. 'Sí Áine Ní Bhreisleáin Bean an Tí agus beidh Connor Ó Gallachóir agus Caitríona Ní Cheannabháin i láthair chomh maith mar aoínna speisialta. Cuirfear tús leis na carúil ag 6i.n. Le clárú, ní mór teagmháil a dhéanamh go luath le meadhbh@ @tuismith eoiri.ie




## OIDIS NA NOLLAG!


Tá sraith físeán foilsithe ag Diarmuid Ó Mathúna, **Neighbourfood an Tulach**, le treoracha agus nodanna maidir le hoidis dheasa Nollag. Baineann Diarmuid úsáid as comhábhair an mhargaidh chun na miasa blasta a réiteach. Le deireanaí, réitigh Diarmuid hais le bachlóga bruiséile, putóg dhubh agus ubh scallta, agus sailéad le cáis ghabhair Árann, biatas agus collchnónna! Tá na físeáin le feiceáil ar an leathanach FB: MO.




## EARRAÍ NA NOLLAG!

Ghlac tuilleadh gnóthaí áitiúla páirt i bhfeachtas **Stuif na Nollag** an tseachtain seo. Rinne **Leabhar Breac** físeán álainn dúinn, lena réimse leabhar a léiriú dúinn, an tsraith iontach *Mac Tíre, Eachtraí Chaitlín agus Macán* san áireamh. Is féidir na leabhair a cheannacht ar a suíomh idirlín: [www.leabharbreac.ie](http://www.leabharbreac.ie)





Gnó áitiúl eile a ghlac páirt sa bhfeachtas ná **SWAIR Designs** - comhlacht a dhéanann seodra den chéad scoth, le réimse leathan stíle agus dearthaí. Baineann scéal agus ionspioráid ar leith le chuile phíosa. Tosaíonn na praghasanna ag €19 costas idir €49-€55 atá ar an gcuid is mó. Is féidir an seodra a cheannach ar *Etsy* nó *Umbrella* nó is féidir teachtaireacht phríobháideach a sheoladh chucu ar na meáin shóisialta.

Tá táirgí áille ar fáil ó MADRA chomh maith! Is deis iontach í tacaíocht a thabhairt don fhoireann as ucht an dea-obair a dhéanann siad. Chomh maith le sin is féidir **Féasta an Pheata** a fháil do ghadhar agus Nollaig den chéad scoth a thabhairt dó nó di! Eolas ar fáil ag www.madra.ie






Tá Comórtas na Nollag á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga**. Is iomaí duais iontach atá le buachan, ciseán álainn ó Shiopa an Phobail lán go béal le rudaí deasa don Nollaig, leabhar nua Tom a' tSeoighe agus dearbhán ó Tigh Standún san áireamh! Le d'ainm a chur chun cinn, ní mór *'like'* a thabhairt don phóstáil ar ár leathanach FB, agus tagairt a dhéanamh sa bpóstáil faoin amhrán nó an dán Nollag is fearr leat. Fógrófar na buaiteoirí ar an Aoine 18ú Nollaig. Tapaigh do dheis!

## CEILIÚRADH AR SHAOTHAR TOM A' TSEOIGHE

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán álainn le gairid le saothar Tom a' tSeoighe a cheiliúradh. Tá **Amhrán Leeds** á chasadh ag Dairíona Nic Dhonnacha le tionlacan ó Bharry Kerr. Rinneadh taifeadadh ar an bhfíseán i gCeardlann an Spidéil. Chaith Tom cuid mhaith dá shaol ar deoraíocht i Sasana agus is iomaí amhrán faoin imirce atá cumtha aige. Sa gceann seo, léiríonn Tom an taithí a bhí aige agus é ar imirce i Leeds. Chomh maith le sin, rinne Tom agallamh le Tuairisc maidir lena shaol agus a chuid ceoil, mar cheiliúradh ar sheoladh an leabhar *Tom a' tSeoighe Amhráin*, le Síle Denvir agus Ciarán Ó Fátharta.



